An tUltach

BEALTAINE 1973 • UIMHIR 5 •

## Post: Múinteoir de dhíth
## Bunscoil Ghaelach Bhéal Feirste

A Eagarthóir, a chara,

Tá Bunscoil Ghaelach Bhéal Feirste ag iarraidh banmhúinteoir **cáilithe** a bhfuil an Ghaeilge aici **ó dhúchas** le toiseacht i mí Mheán Fómhair i mbliana.

**Bunaíodh** an scoil i 1971 do pháistí atá á dtógáil le Gaeilge i mBéal Feirste. An chéad bhliain, bhí naonúr páistí ann as seacht dteaghlach. Ag tús na scoilbhliana seo chugainn, beidh 20 páiste idir ghasúraí agus girseacha ann ó 4 go dtí 8 mbliana d'aois as 10 dteaghlach. Ní teagasc Gaeilge a bheidh ar siúl ag an mhúinteoir. Beidh sí ag cur **oideachas** iomlán fríd Ghaeilge ar fáil, mar a dhéantar i scoil Ghaeltachta.

Tá mé ag scríobh chugat mar b'fhéidir go mbeadh aithne ag léitheoir éigin ar mhúinteoir as an Ghaeltacht ar mhaith léi cur isteach ar an phost seo.

Is mise,
Brighid Ní Mhonacháin
Rúnaí






**Freagair na ceisteanna seo a leanas.**

1. Cén post atá ag dul?
2. Cén t-ainm atá ar an scoil?
3. Cén bhliain inar bunaíodh an scoil?
4. Cén chathair ina bhfuil an scoil suite?
5. Cá mhéad páiste a bhí ar an scoil sa chéad bhliain?
6. Cá mhéad páiste a bheidh ann sa scoilbhliain seo chugainn agus cén aois iad?
7. Cén obair a bheidh ar siúl ag an duine a gheobhaidh an post?
8. Cén fáth a bhfuil an rúnaí scoile ag scríobh chuig eagarthóir *An tUltach*?
9. Mínigh na focail agus na téarmaí seo a leanas: *(a) cáilithe*
   *(b) ó dhúchas*
   *(c) bunaíodh*
   *(d) oideachas*

**Freagair na ceisteanna seo a leanas.**

1. Dúirt an rúnaí gur mhaith leis an scoil banmhúinteoir. Cad é banmhúinteoir?
2. Cad chuige, dar leat, a bhfuil an scoil ag iarraidh banmhúinteoir a fhostú?
3. An dóigh leat go raibh sé cothrom banmhúinteoir a lorg? Cad chuige?
4. Cuir 'ó dhúchas' i bhfocail eile.
5. Dúirt an rúnaí go mbeidh an múinteoir 'ag cur oideachas iomlán fríd Ghaeilge ar fáil'. Cad iad na hábhair a bheidh sí ag teagasc?

1. 'Bunscoil Ghaelach Bhéal Feirste' an t-ainm a bhí ar an scoil a bunaíodh i 1971. Tá ainm difriúil anois ar an scoil. Déan taighde agus aimsigh an t-eolas seo a leanas:
   a. Cén t-ainm atá ar an scoil anois?
   b. Cá bhfuil an scoil suite?
   c. Cé mhéad dalta atá ann?
   d. Cé mhéad múinteoir atá sa scoil anois?
   e. Cuir síos ar an éide scoile agus ar shuaitheantas na scoile.

2. Déan taighde ar do scoil féin. Aimsigh an t-eolas seo a leanas:
   a. Cén uair a bunaíodh do scoil?
   b. Cé mhéad dalta agus múinteoir a bhí ann ag an tús agus cé mhéad acu atá ann anois?
   c. Cad é atá le feiceáil i suaitheantas na scoile?

An tUltach
LÚNASA
1974
• UIMHIR 8 •

## Picnic ar an Trá



**Scrúdaigh an pictiúr 'Picnic ar an Trá' agus tabhair freagra ar na ceisteanna seo a leanas.**

1. Cé mhéad duine a fheiceann tú sa phictiúr?
2. Cé mhéad éan a fheiceann tú ann?
3. Cé mhéad duine atá:
   a. ina seasamh?
   b. ina suí?
   c. ar a nglúine?
4. Cad chuige a bhfuil an tuáille ar an charraig?
5. Cén tslí bheatha atá ag na fir thuas ar an ché?
6. Cad a bheidh:
   a. le hithe acu?
   b. le hól acu?

**Seal comhrá**

**Leis an duine in aice leat, déanaigí plean faoi choinne lá ar an trá. Seo roinnt leideanna:**

- modh taistil
- éadaí agus an aimsir
- bia
- cluichí
- earraí leictreonacha
- sábháilteacht

***Abairtí samplacha***

- *Rachaidh muid ann ar an ... / sa ...*
- *Seans go mbeidh an aimsir ...*
- *Déanfaidh muid ... don lón.*
- *Tabharfaidh muid linn ... ionas go dtig linn ... a imirt.*
- *Ná déan dearmad ar ...*
- *Beidh airgead de dhíth orainn faoi choinne ...*

**Foclóir fuadrach**

Seo cluiche do bheirt. Tá dhá bhomaite ag Imreoir A leis an oiread focal agus is féidir a bhaineann leis an phictiúr a scríobh síos. Coinneoidh Imreoir B súil ar an chlog.
Nuair a bheidh an t-am istigh, déanaigí malartú. Is é nó í an duine leis an líon is mó focal an buaiteoir.

An tUltach
BEALTAINE
1974
UIMHIR 5

## Rothair agus Rothaíocht

Tá an rothar ag teacht ar ais san fhaisean agus ní haon ionadh é nuair atá breis agus deich scilling ar ghalún amháin peitril.


Is Gearmánach darbh ainm Drais a rinne an chéad rothar, sa bhliain 1817, ach mar a fheiceann tú sa chéad phictiúr, ní raibh ann ach sórt inneall siúil. Níor mhór don duine a chosa a chur ar an talamh chun é a chur ag gluaiseacht.

Is Gearmánach darbh ainm Fischer a smaoinigh ar **throitheáin** a chur ar an roth tosaigh. Ba chéim mhór ar aghaidh é sin, ach san am céanna ba bheag an pléisiúr é bheith ag rothaíocht ar inneall déanta d'adhmad trom, rothaí agus uile. Agus smaoinigh go raibh na bóithre san am sin i bhfad níos gairbhe ná mar atá anois.

Sna 1860idí rinne Francach darbh ainm Meyer rothar níos éadroime as miotal. Is iad na Sasanaigh a chuir rothaí le **gathanna** agus **boinn** rubair orthu faoi.

Ansin chun an rothar a chur ag gluaiseacht níos tapúla, rinneadh an roth tosaigh, mar a raibh na troitheáin, níos mó, agus an roth deiridh níos lú. 'An phingin agus an fheoirling' a thugtar ar an rothar seo.

Rinneadh na rothaí ar aon mhéad arís nuair a cuireadh **slabhra** ó cheann amháin go ceann eile agus troitheáin sa lár. Ach ba bheag an compord é súí ar **dhiallait** rothair go dtí gur smaoinigh Dunlop ar na boinn aeir a chur ar na rothaí. Anois níl rud ar bith níos taitneamhaí lá breá gréine ná bheith ag rothaíocht amuigh faoin tuath murach na gluaisteáin a bhíonn ag sciorradh tharat. Ach déan cinnte de go bhfuil na **coscáin** ar obair i gceart.






**Ealaín**

**Tarraing pictiúr de rothar agus cuir lipéad leis na páirteanna seo a leanas:**


- diallait
- slabhra
- bonn
- troitheáin
- ga
- hanla

**Taighde**

**Tá tíortha ann ina mbíonn an rothar in úsáid acu gach lá chun dul ó áit go háit. Déan fiosrúchán tíre ag aimsiú eolais ar:**

- an phríomhchathair
- tíortha atá ar teorainn léi
- an ilchríoch ina bhfuil sí
- an daonra
- teangacha
- airgeadra
- an méid rothar sa tír
- aon rud eile a bhfuil suim agat ann

**Rothair san am a chuaigh thart**



**Seo pictiúir a bhí ar An tUltach Óg de na cineálacha rothar atá luaite san alt. Bunaithe ar an alt agus ar do thaighde féin, scríobh paragraf faoi gach ceann acu agus luaigh na pointí seo a leanas:**

- an duine a cheap an rothar
- an tír arbh as dóibh
- an t-ábhar a raibh an rothar déanta as
- na buntáistí a bhain leis an rothar an t-am a ceapadh é
- na míbhuntáistí a bhain leis

An tUltach

NOLLAIG 1973 • UIMHIR 12 •

## An tAsal Cantalach

Tháinig aingeal ón Tiarna chuig Seosamh i mbrionglóid agus dúirt sé leis Muire agus Íosa a thabhairt chun na hÉigipte mar go raibh an Rí Héaród ag cuardach an linbh chun é a mharú. An oíche chéanna, mhúscail an t-aingeal an t-asal sa stábla. 'Éirigh,' arsa an t-aingeal leis, 'mar tugadh d'onóir duit Muire agus a mac a iompar chun na hÉigipte.' Ní dheachaigh an **plámás** sin i bhfeidhm ar an asal ar chor ar bith. Leis an fhírinne a rá, bhí sé rud beag **cantalach**. 'Cén fáth nach dtéann tú féin?' a d'fhreagair sé. 'Tá eiteoga ortsa ach bíonn ormsa gach rud a iompar ar mo dhroim.'

Shiúil an t-asal amach as an stábla chun féachaint ar an **ualach** a bhí curtha le chéile ag Seosamh – leaba don mháthair, bindealáin don leanbh, bosca lán óir, málaí **túise** agus **miorr** a thug na **saoithe** ón oirthear agus **ceathrú caoireola** a bhronn na haoirí orthu – agus ar a bharr sin uilig, Muire agus an leanbh. Nuair a chonaic an t-asal an carn mór, thosaigh sé a ghearán leis féin.

Lig an t-asal **osna** fhada as ach lean sé ar aghaidh. Tar éis tamaill, bhí teas millteanach ann ón ghrian. D'aimsigh Seosamh **sceach** lom agus chuaigh Muire agus an leanbh isteach faoina scáth **suarach** chun scíste a dhéanamh. Rinne Seosamh tine agus chuir sé an chaoireoil **ag beiriú** air. Bhí Seosamh chomh cúramach sin **ag soláthar** don mháthair agus a leanbh go raibh dearmad déanta aige bia a thabhairt leis don asal. D'ith Muire cuid den chaoireoil agus d'ith Seosamh an **fuíollach**. Dhiúg an leanbh cíoch a mháthar. Ach bhí an t-asal ina sheasamh ansin gan fiú gráinnín **coirce** aige le cogaint.

Ní raibh rud ar bith ag fás san fhásach sin ach cúpla **feochadán**. 'A Thiarna Dia,' arsa an t-asal, agus rinne sé gearán fada don leanbh Íosa inar chuir sé síos go cruinn is go beacht ar na rudaí go léir a mbíonn ar chéatúirí bochta mar é cur suas leo ar an saol seo, agus chríochnaigh sé le **grág** ard fada.

D'éist an leanbh go cúramach lena ghearán. Ansin, chrom sé a cheann agus stoith sé **feochadán** ón talamh agus thairg sé é don asal. 'Maith go leor,' arsa an t-asal le **tarcaisne**. 'Íosfaidh mé an feochadán.' Thosaigh sé a chogaint an **fhiaile** thirim. Leath a bhéal le hiontas. Ní raibh blas an fheochadáin mar a shíl sé. Bhí sé chomh milis le **seamar**.

D'umhlaigh an t-asal a cheann agus chuir sé a dhá chluas fhada go **hómósach** le chéile, díreach mar a chuireann daoine a lámha le chéile nuair a bhíonn siad chun guí a dhéanamh.





Tá 20 focal agus téarma i gcló tiubh san alt. Breac síos nóta i nGaeilge faoi gach ceann acu lena chur i gcuimhne duit féin cad is brí leo.

**Freagair na ceisteanna seo a leanas.**

1. Cad é a dúirt an t-aingeal le Seosamh a dhéanamh agus cad chuige?
2. Cad é a dúirt an t-aingeal leis an asal agus cad é mar a mhothaigh an t-asal faoi?
3. Liostaigh na rudaí go léir a bhí ar an asal a iompar.
4. Cad é mar a bhí an aimsir ar an turas?
5. Cad é a bhí le hithe ag Seosamh agus Muire, ag an leanbh, agus ag an asal?
6. Cad é mar a mhothaigh an t-asal sular ith sé an feochadán agus i ndiaidh dó é a ithe?
7. Cad é a shíl tú den scéal seo? Luaigh dhá rud ar a laghad ar thaitin siad leat.
8. Tá scéal breith Íosa an-cháiliúil agus tá sé cluinste ag daoine arís agus arís eile. Cad é a rinne an scríbhneoir lena chinntiú nach mbeadh an scéal seo leadránach? Luaigh dhá phointe ar a laghad.

Déan greannán le 6 phictiúr a léiríonn an scéal 'An tAsal Cantalach'.

An tUltach

MARTA
2018
• UIMHIR 3 •

## An cuimhin leat an Chlochaois?

*Is ar An tUltach a thosaigh an t-údar Máire Zepf ag scríobh den chéad uair. Seo alt léi a bhí i gcló i mí an Mhárta 2018.*

Nuair a chluineann mo pháistí go raibh mé i mo dhéagóir roimh an Idirlíon, éiríonn na súile ina gcloigne mór le hiontas. Shílfeá go ndúirt mé leo go raibh mé beo sa Chlochaois, i bpluais fhuar dhorcha, gan againn ach an chloch ghéar ar bhata chun an dinnéar a mharú.

An saol gan an tIdirlíon? Cad é mar a bhí sin? An féidir é, go fiú?

An rud is aistí ná go mbíonn sé deacair dom féin é a shamhlú anois. Bhí leabhar seoltaí agam nuair a bhí mé óg le seoltaí agus uimhreacha gutháin istigh ann, ach i ndáiríre, bhí uimhreacha mo chairde de ghlanmheabhair agam cibé. Ní raibh againn ach aon líne ghutháin don teaghlach, agus le seachtar againn ann, bhí an-ráchairt go deo air.

Is minic is cuimhin liom bheith ag fanacht ar scairt ghutháin ó chara (nó níos measa arís, ó ghasúr!) ach go raibh mo dheirfiúr ag bladráil gan deireadh lena cara féin. Ní raibh glórphost ann san am sin, ach ton gafa don té a ghlaoigh agus is go mion minic a chuala muid an fhuaim sin.


Nuair a ghlac muid grianghraif, is le fíorchearmara a ghlac muid iad, agus chun iad a fheiceáil, bhí orainn an scannán a chríochnú, é a thabhairt chuig an siopa agus airgead a íoc chun na grianghraif phriontáilte a fháil ar ais. Ar ndóigh, ní raibh scagairí ann. #nofilter

Nuair a bhí taighde le déanamh don obair bhaile, rinne muid sa leabharlann é, ag cuardach eolais i leabhair in áit ceist a chur ar Siri. Ní raibh ‘gearradh agus greamú’ ina rogha againn. Fiú leis na leabhair a aimsiú sa leabharlann, bhí orainn cuardach i measc na gcártaí innéacs chun an tseilf cheart a fháil – ní raibh cuardach ar chatalóg dhigiteach ann.

Dá mba mhaith linn amharc ar an teilifís, bheadh orainn é a dhéanamh ag an am ceart, nuair a bhí an clár ar siúl. Ní raibh sruthú ann ná *On Demand* ach oiread. Agus ní chreidfidh na páistí nach raibh ann ach ceithre chainéal.

Éisteann siad leis na scéalta uafáis seo faoin bhochtanas teicneolaíochta inar tógadh mé. Éisteann siad le trua, agus le faoiseamh gur rugadh iad féin in am nua-aoiseach, sibhialta.

Ach an rud nach féidir liom a mhíniú dóibh i gceart ná go bhfuil mótarbhealach iontach gasta, ach go bhfuil na radhairc níos deise ar an bhóthar chúng fhadálach. Is dócha go mbeidh orthu an rud céanna a mhíniú dá gcuid páistí féin. Mar ní fhanann trá le fear mall.



**Freagair na ceisteanna seo a leanas.**

1. Cad chuige a mbíonn iontas ar pháistí Mháire Zepf nuair a labhraíonn sí leo faoina hóige?
2. Nuair a bhí Máire ina déagóir, agus í ag iarraidh scairt a chur ar a cairde, cad é mar a tháinig sí ar na huimhreacha?
3. I do bharúil, an raibh sé éasca ag cairde Mháire teagmháil a dhéanamh léi i ndiaidh am scoile? Cad chuige?
4. Déanann Máire cur síos san alt ar an ghrianghrafadóireacht. Cén difear atá ann sa lá atá inniu ann? Luaigh trí phointe.
5. Agus í ag caint faoin obair bhaile san alt, deir Máire, "Ní raibh 'gearradh agus greamú' ina rogha againn." Cad é atá i gceist aici?
6. Tá cur síos san alt ar chúrsaí teilifíse. Déan comparáid leis an lá atá inniu ann. Luaigh trí phointe.
7. Cad chuige, dar leat, a mbíonn trua ag páistí Mháire Zepf di?
8. Léigh an paragraf deireanach arís agus déan (a) nó (b).
   a. Tá bóithre in úsáid mar mheafar ag Máire Zepf do chúrsaí teicneolaíochta. Cad dó a seasann an mótarbhealach agus an bóthar cúng fadálach? Luaigh buntáiste agus míbhuntáiste amháin leis an dá rud.
   b. Ní fhanann trá le fear mall. Cad é an teachtaireacht atá ag Máire Zepf ag deireadh an ailt?

**Do rogha féin**

**In bhur mbeirteanna, déanaigí (a) nó (b) le chéile.**

a. Déanaigí liosta 10 gceist a chuirfidh sibh ar dhuine níos aosta (tuismitheoir nó seantuismitheoir, mar shampla) faoina saol gan an tIdirlíon. Cuirigí faoi agallamh iad agus ansin déanaigí cur i láthair don rang.

a. Léigí leabhar atá scríofa ag Máire Zepf agus déanaigí léirmheas air. Is féidir libh físeán a dhéanamh nó cur i láthair a dhéanamh don rang.

**Dráma**

**I ngrúpaí de thriúr nó ceathrar, scríobhaigí dráma agus léirígí don rang é.**


Tá duine óg ar saoire leis an teaghlach in áit iargúlta agus níl an tIdirlíon ar fáil. Cuirigí na rudaí seo a leanas sa dráma: géarchéim, réiteach agus teachtaireacht don lucht féachana.

An tUltach

BEALTAINE 1973 •UIMHIR 11•

## Crosfhocal

*Bhí crosfhocal cosúil leis seo gach mí ar* An tUltach Óg *sna 1970idí. Bain triail as!*




**TRASNA**

1. 'Brostaigh ort' nó 'déan ______' a deirtear le duine atá mall. (6)
3. ____ an céadainm a bhí ar an scéalaí clúiteach as an Danmhairg. (4)
4. Duine gan mórán céille. (6)
5. *Ya* sa Ghearmáinis, *sí* sa Spáinnis, ___ sa Fhraincis. (3)
7. Ceannaire.

**ANUAS**

1. Rince. (6)
2. Eolas. (4)
6. Is binn an ceol atá leis an amhrán grá '______ Dubh'. (6)
7. Abair.
8. Is mise uncail Sheáin, mar is é Seán mo ___. (3)

